


Tomhais: Am – Moltaí don teagasc





MEON TÁIRGIÚIL A CHOTHÚ

- Úsáid comhthéacsanna fiúntacha agus ón bhfíorshaol chun plé bunaithe ar am a chur chun cinn.
- Úsáid naisc thraschuraclaim chun béim a leagan ar thábhacht an ama i ngach gné dár saol.
- Cuir deiseanna ar fáil do pháistí chun patrúin a aimsiú agus naisc a dhéanamh le heatraimh ama agus snáitheanna matamaiticiúla eile, m.sh., *cruth agus spás, codáin*.

SPRAIÚLACHT A SPREAGADH LEIS AN MATAMAITIC

- Tabhair faoi réimse dúshlán spraiúil agus tascanna atá faoi cheangal ama nó sainithe ag am, m.sh., *pictionary, searáidí*.
- Úsáid naisc thraschuraclaim chun iniúchadh a dhéanamh ar imeacht ama, m.sh., *le Corpoideachas agus Ceol*.
- Déan comhartha nuair a thagann páistí ar theanga an ama de réir mar a thagann sí chun cinn tríd an súgradh.





TASCANNA ATÁ DÚSHLÁNACH GO COGNAÍOCH A ÚSÁID

- Spreag na páistí chun bealaí éagsúla a úsáid chun a réitigh ar fhadhbanna a bhaineann le ham a chur i láthair.
- Cuir deiseanna ar fáil do pháistí aghaidh a thabhairt ar chásanna ón bhfíorshaol a bhaineann le tascanna a bhaineann le ham, ag méadú an dúshláin trí na comhpháirteanna ama a choigeartú.
- Cabhraigh le páistí naisc a dhéanamh le réamheolas ar am agus uimhir agus uimhir le tascanna a bhaineann leis an am atá caite.

BÉIM A CHUR AR AN SAMHALTÚ MATAMAITICIÚIL

- Spreag páistí chun a dtuiscint ar am a chur in iúl agus a léiriú ar bhealaí éagsúla, m.sh., *mion-cloig analógacha a úsáid nó amchláir a chruthú*.
- Cuir dúshlán éagsúla ar fáil ina gcuireann páistí a gcuid samhlaigh matamaiticiúla i bhfeidhm agus a samhlaigh matamaiticiúla a bheachtú maidir le ham.
- Tacaigh le páistí a gcuid samhlaigh a ghinearálú agus am á iniúchadh acu i.e. iad a nascadh le foghlaim nua.



MATA-CHAIT A CHUR CHUN CINN

- Aithin agus roghnaigh cásanna cuí chun páistí a chur i mbun cainte matamaitice maidir le ham.
- Cuir deiseanna laethúla ar fáil do pháistí chun am a chur in iúl ar bhealaí éagsúla, m.sh., *béim a leagan ar phríomhsheichimh an lae scoile*.
- Pléigh agus bain ciall as faisnéis a chuirtear i láthair ar amchláir agus iad a úsáid ar bhealach fiúntach.